Irish

Bileog Eolais do Mhná

CervicalCheck
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS

CervicalCheck – Tugann an Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs cuireadh do mhná tástálacha smearaidh saor in aisce a fháil. Míníonn an bhileog eolais seo cén fáth a gcaithfidh tú do chead a thabhairt le bheith páirteach sa chlár CervicalCheck.

Cén fáth a gcaithfidh tú do thoiliú a thabhairt?

Má thoilíonn tú beidh cead ag *CervicalCheck* do shonraí agus eolas pearsanta faoin sampla tástála smearaidh a fháil, a choinneáil agus a úsáid. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí torthaí tástálacha smearaidh agus colpascópachta a rinneadh roimhe seo ar an eolas seo.

Roinnfidh *CervicalCheck* an t-eolas seo leis an dochtúir nó an t-altra a rinne do thástáil smearaidh (an duine a ghlac do smearadh), foireann na saotharlainne, leis an gclinic colpascópachta agus leis an gClár Náisiúnta Ailse.

Cá háit a bheidh m'eolas stóráilte?

Déanfar é a stóráil ar an gClár Náisiúnta Ailse (CSR), bunachar sonraí daingean ina ndéantar liosta d'ainm, seoladh, dáta breithe agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) gach mná atá rannpháirteach i gClár *CervicalCheck*.

Ar mhaithe le rúndacht, tá uimhir aitheantais uathúil ag gach bean, ar a dtugtar Uimh. Aitheantais an Chláir Scagthástála Ceirbheacs (CSP ID).

Taifeadann an CSR torthaí do thástálacha smearadh ceirbheacs agus torthaí gnáthamh agus saotharlainne ar bith lena mbaineann. Déantar eolas do shláinte phearsanta a stóráil de réir na reachtaíochta ar chosaint sonraí.

Cén dóigh a n-úsáidfear m'eolas?

Úsáidfidh *CervicalCheck* d'eolas ar CSR le cuireadh a thabhairt duit tástáil smearaidh saor in aisce a fháil. Úsáidfimid d'eolas chomh maith le figiúirí agus tuarascálacha a thiomsú le cuidiú linn a fháil amach cé chomh maith agus atá an clár ag oibriú.

D'fhéadfadh sé go n-úsáidfidh *CervicalCheck*, an duine a ghlac do smearadh, an tsaotharlann agus/nó an clinic colpascópachta d'eolas le hinsint duit má bhíonn cóireáil leantach ar bith de dhíth ort i ndiaidh do thástála smearaidh.

D'fhéadfadh *CervicalCheck* d'eolas a úsáid le cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh sa taighde. Is fút féin é más mian leat páirt a ghlacadh nó mura mian leat páirt a ghlacadh.

D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí sleamhnán do thástála smearaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghlacadh smearaidh d'fhonn caighdeán an chláir a chinntiú.

Ní chuirfear d'ainm i dtuarascálacha, teagasc nó athbhreithnithe ar bith choíche.

Cén dóigh a dtabharfaidh mé mo chead?

Más é seo an chéad am atá tú ag glacadh páirte i gclár *CervicalCheck*, iarrfar ort an fhoirm a shíniú. Má tá páirt glactha agat cheana, ní chaithfidh tú í a shíniú arís. Inis é sin don dúine a ghlacfaidh do smearadh sa dóigh gur féidir leo tic a chur leis an mbosca ceart.

Eolas faoi thástálacha smearaidh agus torthaí

Cad is tástáil smearadh ceirbheacs ann?

Is éard a bhíonn i gceist le tástáil smearaidh, ar a dtugtar tástáil 'pap' chomh maith, dochtúir nó altra (duine a ghlacfaidh do smearadh), a ghlacann sampla de chealla ó do cheirbheacs (muineál do bhroinne) le hathruithe luatha a aimsiú. A luaithe a fhaightear athruithe sna cealla, is ea is furasta a bheidh sé iad a chóireáil. Mura n-aimsítear agus mura gcóireáiltear athruithe, d'fhéadfadh siad iompú ina gcealla ailse.

Na teorainneacha a bhaineann le tástáil smearadh ceirbheacs

Cosúil le gach tástáil scagtha, b'fhéidir nach mbeadh tástálacha smearaidh 100% ceart. Tá an baol ann nach n-aimseoidh an tástáil smearaidh athruithe sna cealla. Is é sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach tástálacha smearaidh a fháil go rialta. Inseoidh *CervicalCheck* duit nuair a bheidh an chéad tástáil smearaidh eile le bheith agat.

Cén dóigh a bhfaighidh mé mo thoradh?

Is féidir leat toradh do thástála a fháil ón duine a ghlac do smearadh. Cuirfidh *CervicalCheck* litir chugat faoi do chuid torthaí laistigh de cheithre seachtaine ó do thástáil smearaidh.

Tá eagla orm faoi cad a d'fhéadfadh bheith i gceist leis an toradh…

Bíonn an chuid is mó de na tástálacha smearaidh normálta. Fiú mura mbíonn siad normálta tá sé neamhdhóchúil go bhfuil ailse ort – b'fhéidir gurb é mion-athruithe sna cealla is cúis leis. Ná bíodh imní ort má ghlaoitear ar ais ort le haghaidh tástála eile.

Déan cinnte le do thoil go bhfuil do shonraí pearsanta ceart. Is féidir leat an bhileog eolais seo a thabhairt abhaile leat. Má bhíonn ceisteanna ar bith agat déan teagmháil le *CervicalCheck* ar

Saorghlao 1800 45 45 55 nó ag info@cervicalcheck.ie nó tabhair cuairt ar www.cervicalcheck.ie

CS/PUB/CC-18 Rev 1

Eolas

Saorghlao 1 800 45 45 55